

Treoirlínte

maidir le ceanglais rialachais táirgí MiFID II

Clár na nÁbhar

Treoirlínte	3
1.Raon feidhme	3
2.Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhínte	4
3.Cuspóir	7
4.Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe	8
5.Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 16(3) agus (6) agus Airteagal 24(2) de MiFID II	9

Treoirlínte

1. Raon feidhme

Cé atá i gceist?

1. Baineann na treoirlínte seo le:

- Gnólachtaí.
- hÚdaráis inniúla.

Cad atá i gceist?

2. Baineann na treoirlínte seo le hionstraimí airgeadais agus taiscí struchtúraithe a mhonarú nó a dháileadh. Go háirithe, baineann na treoirlínte seo leis na ceanglais seo a leanas:

- i. Airteagal 9(3) de Threoir 2014/65/AE¹ (MiFID II);
- ii. Airteagal 16(3) agus 16(6) de MiFID II;
- iii. Airteagal 24(1) agus Airteagal 24(2) de MiFID II;
- iv. Airteagail 9 agus 10 de Threoir Tharmhligthe (AE) 2017/593 ón gCoimisiún² (Treoir Tharmhligthe MiFID II).

Cén uair?

3. Beidh feidhm ag na treoirlínte seo dhá mhí tar éis dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh.

¹ Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch 349).

² Treoir Tharmhligthe (AE) 2017/593 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hionstraimí airgeadais agus cistí ar le cliant iad a chosaint, oibleagáidí um rialachas táirgí agus na rialacha is infheidhme maidir le táillí, coimisiúin nó tairbhí airgeadaíochta nó neamhairgeadaíochta ar bith a sholáthar nó a fháil (IO L 87, 31.3.2017, lgh. 500-517).

2. Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhínithe

2.1 Tagairtí reachtacha

Rialachán ESMA	Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún ³
MiFID II	Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE ⁴
Rialachán Tarmligthe MiFID II	Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 an 25 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais eagraíochtúla agus na coinníollacha oibriúcháin do ghnólachtaí infheistíochta agus téarmaí sainmhínithe chun críocha na Treorach sin ⁵
Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1253 ón gCoimisiún	Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1253 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 maidir le fachtóirí, rioscaí agus tosaíochtaí inbhuanaitheachta a chomhtháthú i gceanglais eagraíochtúla áirithe agus i gcoinníollacha oibriúcháin áirithe do ghnólachtaí infheistíochta. ⁶

2.2 Giorrúcháin

ACC	An Coiste Comhairleach um Chomhréireacht
AE	An tAontas Eorpach
CE	An Coimisiún Eorpach

³ IO L 331, 15.12.2010, lch. 84.

⁴ IO L 173, 12.6.2014, lch. 349.

⁵ IO L 87, 31.3.2017, lch. 1.

⁶ IO L 277, 2.8.2021, lch. 1.

CEMA	An Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais
CSA	Gníomhaíocht Mhaoirseachta Choiteann
ESMA	An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margai
LEE	An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch
PC	Páipéar Comhairliúcháin
SMSG	An Grúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margai

2.3 Sainmhínithe

gnólachtaí	gnólachtaí infheistíochta (mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(1) de MiFID II) agus institiúidí creidmheasa (mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(27) de MiFID II) agus seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta (mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(2) de MiFID II) á gcur ar fáil acu, gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí creidmheasa agus iad ag díol nó ag tabhairt comhairle do chliant maidir le taiscí struchtúracha, cuideachtaí bainistíochta GCUI (mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1)(b) de Threoir GCUI ⁷) agus Bainisteoirí seachtracha Cistí Infheistíochta Malartacha (BCIManna) (mar a shainmhínítear in Airteagal 5(1)(a) den Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha ⁸) le linn seirbhísí infheistíochta bainistíochta punainne aonair nó seirbhísí neamh-lárnacha a chur ar fáil (de réir bhrí Airteagal 6(3)(a) agus (b) de Threoir GCUI agus Airteagal 6(4)(a) agus (b)(i) den Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha), i ngach cás, cé is moite den chás ina ndéantar ionstraimí airgeadais a mhargú nó a dháileadh go heisiach ar chontrapháirtithe incháilithe (i gcomhréir leis an díolúine in Airteagal 16a de MiFID II)
táirgí	ionstraimí airgeadais (de réir bhrí Airteagal 4(1)(15) de MiFID II), cé is moite de bhannaí nach bhfuil aon díorthach leabaithe eile acu seachas clásal déanta-iomlán i gcomhréir leis an

⁷ Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán, agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

⁸ Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoir 2003/41/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lgh. 1-73).

díolúine in Airteagal 16a de MiFID II, agus taiscí struchtúrtha (de réir bhrí Airteagal 4(1)(43) de MiFID II)

monaróir

gnólacht a mhonaraíonn táirge, lena n-áirítear cruthú, forbairt, eisiúint nó dearadh an táirge sin, lena n-áirítear nuair a thugtar comhairle d'eisitheoirí corparáideacha maidir le táirge nua a sheoladh;

dáileoir

gnólacht a thairgeann, a mholann nó a dhíolann táirge agus seirbhís le cliant.

3. Cuspóir

4. Tá na treoirlínte seo bunaithe ar Airteagal 16(1) de Rialachán ESMA. Is é is cuspóir leis na treoirlínte seo cleachtais mhaoirseachta atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú laistigh de CEMA agus cur i bhfeidhm coiteann, aonfhoirmeach agus comhsheasmhach cheanglais MiFID II maidir le rialachas táirgí a áirithiú. Agus na treoirlínte sin á gcomhlíonadh aige, tá ESMA ag súil le neartú ar chosaint infheisteoirí dá réir.

4. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

4.1 Stádas na dtreoirlínte

5. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán ESMA, ní mór d'údaráis inniúla agus do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gach iarracht a dhéanamh na dtreoirlínte seo a chomhlíonadh.
6. Ba cheart do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na dtreoirlínte seo ina leith iad a chomhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcreataí náisiúnta dlí agus/nó maoirseachta de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil treoirlínte ar leith dírithe go príomha ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Sa chás sin, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú trína maoirseacht go bhfuil na dtreoirlínte á gcomhlíonadh ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais.

4.2 Ceanglais tuairiscithe

7. Laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, ní mór do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na dtreoirlínte seo ina leith fógra a thabhairt do ESMA maidir le cé acu (i) atá na dtreoirlínte a gcomhlíonadh acu, (ii) nach bhfuil na dtreoirlínte á gcomhlíonadh acu ach go bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó (iii) nach bhfuil na dtreoirlínte á gcomhlíonadh acu agus nach bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh.
8. I gcás neamhchomhlíonta, ní mór do na húdaráis inniúla fógra a thabhairt do ESMA freisin laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais faoi na cúiseanna atá acu gan na dtreoirlínte a chomhlíonadh.
9. Tá teimpléad le haghaidh fógra a thabhairt ar fáil ar shuíomh gréasáin ESMA. Agus an teimpléad líonta isteach, déanfar é a tharchur chuig ESMA.
10. Ní cheanglaítear ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a thuairisciú an bhfuil na dtreoirlínte seo á gcomhlíonadh acu.

5. Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 16(3) agus (6) agus Airteagal 24(2) de MiFID II

5.1 Treoirlínte ginearálta

11. Ba cheart na treoirlínte seo, i gcomhréir le fomhír 2 d'Airteagal 9(1), agus le fomhír 1 d'Airteagal 10(1) de Threoir Tharmligthe MiFID II, a chur i bhfeidhm ar bhealach atá iomchuí agus comhréireach, agus cineál an táirge, an tseirbhís infheistíochta agus spriocmhargadh an táirge á chur san áireamh.
12. Nuair a ghníomhaíonn gnólacht mar mhonaróir agus mar dháileoir táirgí, beidh feidhm ag na treoirlínte a leagtar amach thíos de réir mar is ábhartha, agus fad a chomhlíonann an gnólacht na hoibleagáidí uile is infheidhme maidir le monaróir agus dáileoir.
13. Go ginearálta, ba cheart do ghnólachtaí atá ag gníomhú mar mhonaróirí agus/nó dáileoirí bunús a thabhairt leis na roghanna a dhéantar i gcomhthéacs a socruithe rialachais táirgí agus iad a dhoiciméadú, lena n-áirítear maidir le sainaitheint an spriocmhargaidh agus na straitéisí dáileacháin gaolmhara.

5.2 Treoirlínte do mhonaróirí

An spriocmhargadh féideartha arna shainaithint ag an monaróir: catagóirí atá le cur san áireamh

14. Ní ar bhonn critéir chainníochtúla amháin ba cheart do mhonaróirí an spriocmhargadh féideartha a shainaithint – ní mór é a dhéanamh bunaithe ar bhreithnithe cáilíochtúla leordhóthanacha freisin. Agus an spriocmhargadh á shainaithint maidir le táirge ar leith, ba cheart do mhonaróirí torthaí na n-anailísí ar an gcás agus ar an struchtúr muirear⁹ a rinneadh i leith an táirge a chur san áireamh freisin¹⁰. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le próisis a uathobriú, go háirithe le haghaidh seirbhísí don mhórmhargadh, agus de ghnáth bíonn an t-uathobriú sin bunaithe ar fhoirmlí nó ar mhodheolaíochtaí algartamacha a phróiseálann critéir chainníochtúla le haghaidh táirgí agus cliant. Gintear sonraí uimhriúla den sórt sin de ghnáth trí chórais scórála (mar shampla, trí ghnéithe táirge a úsáid amhail luaineacht ionstraimí airgeadais, rátálacha eisitheoirí, etc. nó trí shonraí fíorasacha a “thiontú” ina gcórais uimhriúla). Maidir le sainaitheint an spriocmhargaidh, níor cheart do ghnólachtaí brath go heisiach ar chritéir chainníochtúla den sórt sin ach ba cheart iad a chothromú go leordhóthanach le cúinsí cáilíochtúla.

⁹ Tagraíonn na téarmaí “anailís ar chnámha scéil” agus “struchtúr muirir” do na hanailísí a cheanglaítear faoi Airteagal 9(10) agus (12) faoi seach de Threoir Tharmligthe MiFID II.

¹⁰ Mar shampla, trí na hanailísí ar an gcás arna ndéanamh ag an ngnólacht, d'fhéadfaí a léiriú go bhfuil luach táirge an-íogair do dhrochdhálaí margaidh, rud a fhágann go sainaithneofar spriocmhargadh níos cúinge i dtaca le lamhálas riosca na gcliant. Mar shampla eile, d'fhéadfadh an anailís ar an struchtúr muirear, arna dhéanamh ag an ngnólacht, a léiriú nach bhfuil struchtúr muirear an táirge comhoiriúnach leis an spriocmhargadh sainaitheanta, rud a fhágann go modhnódh an gnólacht struchtúr muirear an táirge agus/nó go ndéanfaí athmheasúnú ar an spriocmhargadh. Chuir ESMA treoir ar fáil maidir le cur i bhfeidhm an cheanglais maidir le hanailís ar an struchtúr muirear in C&F 16.2-4 dá chuid Ceisteanna agus Freagraí maidir le MiFID II agus ábhair maidir le cosaint infheisteoirí agus idirghabhálaithe MiFIR (https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/library/esma35-43-349_mifid_ii_qas_on_investor_protection_topics.pdf).

15. Ba cheart do mhonaróirí an liosta catagóirí a leagtar amach sna treoirlínte seo a úsáid mar bhonn chun an spriocmhargadh dá gcuid táirgí a shainaithint. Tá liosta na gcatagóirí carnach; agus measúnú á dhéanamh aige ar an spriocmhargadh, ba cheart do gach monaróir gach ceann de na catagóirí sin a úsáid. Agus an méid sin á dhéanamh aige, ba cheart do mhonaróir anailís a dhéanamh ar ábharthacht gach catagóire do tháirge áirithe agus ansin déine na sainaitheanta a oiriúnú i gcomhréir le cineál, nádúr agus gnéithe eile an táirge (mar a thuairiscítear i míreanna 19-31 de na treoirlínte).
16. Ba cheart do mhonaróirí gach ceann de na catagóirí sin a mhionsonrú/a thuairisciú, gan na catagóirí a chumasc, agus an gaol atá eatarthu a chur san áireamh agus comhsheasmhacht idir catagóirí éagsúla a áirithiú ós rud é go gcuireann siad go léir le sainaithint an spriocmhargaidh le haghaidh táirge ar leith.
17. Níor cheart do mhonaróirí ceann ar bith de na cúig chatagóir a luaitear thíos a fhágáil ar lár. Más rud é, i dtuairim na monaróirí, go bhfuil na cúig chatagóir sin ró-theoranta chun spriocmhargadh fóinteach a shainaithint, féadfar catagóirí breise a chur leo. Agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le catagóirí breise den sórt sin a úsáid nó gan iad a úsáid, féadfaidh monaróirí saintréithe na gcainéal faisnéise atá acu le dáileoirí a chur san áireamh. Mar shampla, chun an malartú faisnéise le dáileoirí a éascú agus chun ailtireacht oscailte a chothú, féadfaidh monaróirí úsáid catagóirí breise a theorannú do chásanna ina bhfuil siad sin riachtanach chun spriocmhargadh fóinteach a shainaithint le haghaidh an táirge.
18. Ní mór do mhonaróirí spriocmhargadh féideartha a shainaithint¹¹. Ós rud é nach mbíonn siad i dteagmháil dhíreach leis an gcliant de ghnáth, agus i gcomhréir le fómhír 2 d'Airteagal 9(9) de Threoir Tharmligthe MiFID II, d'fhéadfaí sainaithint an spriocmhargaidh a bhunú inter alia ar a n-eolas teoiriciúil agus ar a dtaithe ar an táirge.
19. Ba cheart do mhonaróirí an liosta seo a leanas de chúig chatagóir a úsáid:
 - a) An cineál cliant a bhfuil an táirge dírithe orthu: Ba cheart don ghnólacht a shonrú cén cineál cliant a bhfuil an táirge dírithe air. Ba cheart an sonrú sin a dhéanamh de réir chatagóiriú cliant MiFID II maidir le “cliant miondíola”, “cliant gairmiúil” agus/nó “contrapháirtí incháilithe”. Chun a sheachaint go bhféadfaí an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 16a MiFID II¹² a mhí-úsáid, ba cheart an cinneadh táirge a mhargú nó a dháileadh go heisiach ar chontrapháirtithe incháilithe a dhéanamh go soiléir *ex ante* (le linn don ghnólacht measúnú tosaigh ar an spriocmhargadh a dhéanamh nó athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh), bunaithe ar phróisis inmheánacha an ghnólachta.
 - b) Eolas agus taithe: Ba cheart don ghnólacht an t-eolas ba chóir a bheith ag na sprioc-chliant a shonrú maidir le gnéithe amhail: cineál ábhartha an táirge, gnéithe an táirge agus/nó eolas faoi i réimsí téamacha a chuidíonn le tuiscint a fháil ar an táirge. Mar shampla, i gcás táirgí struchtúrtha a bhfuil próifílí casta toraidh acu, d'fhéadfaidh gnólachtaí a shonrú gur cheart go mbeadh eolas ag

¹¹ Féach Airteagal 9(9) de Threoir Tharmligthe MiFID.

¹² De réir Airteagal 16a de MiFID II, díolmhaítear gnólacht, inter alia, ó na ceanglais maidir le rialachas táirgí i gcás ina ndéantar na hionstraimí airgeadais a mhargú nó a dháileadh go heisiach ar chontrapháirtithe incháilithe.

sprioc-infheisteoirí ar an gcaoi a n-oibríonn an cineál sin táirge agus ar na torthaí is dócha a thiocfaidh chun cinn de bharr an táirge. Maidir le taithí, d'fhéadfadh an gnólacht cur síos a dhéanamh ar an méid taithí praiticiúla ba cheart a bheith ag sprioc-chliant le gnéithe amhail: cineál ábhartha an táirge, gnéithe ábhartha an táirge agus/nó taithí i réimsí a bhaineann le téamaí ábhartha. D'fhéadfadh an gnólacht, mar shampla, tréimhse ama a shonrú ar cheart do chliant a bheith gníomhach sna margáí airgeadais lena linn. D'fhéadfadh an t-eolas agus an taithí a bheith ag brath ar a chéile i gcásanna áirithe (i.e. d'fhéadfadh infheisteoir a bhfuil taithí theoranta aige nó nach bhfuil aon taithí aige a bheith ina sprioc-chliant bailí má chúitíonn méid mór a n-eolais a n-easpa taithí).

- c) Staid airgeadais agus béim ar an gcumas caillteanais a sheasadh: Ba cheart don ghnólacht céatadán na gcaillteanas a shonrú ar cheart do chliant a bheith in ann agus toilteanach íoc astu (mar shampla, ó mhionchailteanas go caillteanas iomlán) agus a chinntiú an bhfuil aon oibleagáidí íocaíochta breise ann a d'fhéadfadh a bheith níos mó ná an méid a infheistíodh (mar shampla, glaonna ar éarlais). D'fhéadfaí é sin a léiriú freisin mar chion uasta sócmhainní ba cheart a infheistiú.
- d) Lamháltas riosca agus comhoiriúnacht phróifíl riosca/luaióchta an táirge leis an spriocmhargadh: Ba cheart don ghnólacht a shonrú cén cineál dearcadh ginearálta ba chóir a bheith ag na sprioc-chliant i ndáil leis na rioscaí infheistíochta. Ba cheart dearcthaí bunúsacha ar rioscaí a chatagóiriú (mar shampla, “dírithe ar riosca nó amhantrach”, “cothrom”, “coimeádach”) agus ba cheart cur síos soiléir a dhéanamh orthu. Ós rud é go bhféadfadh cineálacha éagsúla cur chuige a bheith ag gnólachtaí éagsúla sa slabhra maidir le riosca a shainiú, ba cheart don ghnólacht a bheith rí-shoiléir faoi na critéir nach mór a chomhlíonadh chun cliant a chatagóiriú ar an mbealach sin. Ba cheart do ghnólachtaí an táscaire riosca a shonraítear sa Rialachán PRIIP¹³ nó i dTreoir GCUI a úsáid, i gcás inarb infheidhme, chun an ceanglas sin a chomhlíonadh. I gcás inarb ábhartha, ba cheart do ghnólachtaí na rioscaí a áirítear san insint faoi tháscaire riosca achoimre PRIIP, amhail riosca airgeadra agus/nó riosca neamhleachtachta, a chur san áireamh freisin.
- e) Cuspóirí agus Riachtanais na gCliaint: Ba cheart don ghnólacht cuspóirí infheistíochta agus riachtanais na sprioc-chliant a shonrú a bhfuil táirge comhoiriúnach leo, lena n-áirítear spriocanna airgeadais níos leithne de chuid na sprioc-chliant nó an straitéis fhoriomlán a leanann siad agus iad ag infheistiú. Is féidir na cuspóirí sin a “mhionchoigeartú” trí gnéithe ar leith na hinfeistíochta agus ionchais na sprioc-chliant a shonrú. Maidir le cuspóirí agus riachtanais na gcliaint ar leith a bhfuil sé beartaithe iad a chomhlíonadh leis an

¹³ Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) (IO L 352, 9.12.2014, lgh. 1-23).

táirge, d'fhéadfaidís a bheith éagsúil, idir shonrach agus chineálach. Mar shampla, féadfar táirge a dhearadh chun freastal ar riachtanais dhéimeagrafaigh aoise ar leith, chun éifeachtúlacht chánach a bhaint amach bunaithe ar thír chónaithe cánach na gcliant, nó féadfar é a dhearadh le gnéithe speisialta táirge chun cuspóirí sonracha infheistíochta a bhaint amach amhail “cosaint airgeadra”, “íocaíochtaí rialta”, etc., de réir mar is ábhartha. Ina theannta sin, ba cheart tagairt a dhéanamh don tréimhse infheistíochta ionchasach/don tréimhse shealbháíochta mholta (e.g. líon na mblianta a bhfuil an infheistíocht le coinneáil lena linn), agus aird chuí á tabhairt ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag scor luath ar na cliaint (i dtéarmaí costas, mar shampla).

20. Laistigh de chatagóir leathan chuspóirí agus riachtanais na gcliant, ba cheart don ghnólacht aon chuspóirí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de, a bhfuil an táirge comhoiriúnach leo, a shonrú freisin. Chun leibhéal leordhóthanach gráinneachta a áirithiú sa spriocmhargadh, agus cuspóirí a bhaineann le hinbhuanaitheacht á sainithint acu, féadfaidh gnólachtaí, i gcás inarb ábhartha, na gnéithe seo a leanas a shonrú (i gcomhréir leis an sainmhíniú ar “roghanna inbhuanaitheachta” de réir Airteagal 2(7) de Rialachán Tarmligthe MiFID II¹⁴ agus mar a shonraítear tuilleadh i dtreoirlínte ESMA maidir le gnéithe áirithe de cheanglais oiriúnachta MiFID II):

- a) An cion íosta den táirge a infheistítear in infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) 2020/852¹⁵;
- b) An cion íosta den táirge a infheistítear in infheistíochtaí inbhuanaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (17), de Rialachán (AE) 2019/2088^{16, 17};
- c) Cad iad na príomh-dhrochtionchair (PAI) ar thosca inbhuanaitheachta a ndéantar measúnú orthu i dtaca leis an táirge, lena n-áirítear critéir chainníochtúla nó cháilíochtúla lena léirítear an measúnú sin. D'fhéadfadh gnólachtaí úsáid a bhaint as na catagóirí a chuirtear i láthair in SFDR RTS¹⁸ (seachas cur chuige bunaithe ar gach táscaire PAI) amhail “astaíochtaí”, “feidhmíocht fuinnimh”, “uisce & dramhaíl”, etc.

¹⁴ Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le ceanglais eagraíochtúla agus coinníollacha oibriúcháin le haghaidh gnólachtaí infheistíochta agus téarmaí sainmhíneithe chun críocha na Treorach sin (IO L 87, 31.3.2017, lch. 1).

¹⁵ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

¹⁶ Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtáí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).

¹⁷ Is é cion íosta an táirge dá dtagraítear sa dá phointe urchair thuas an cion a fhoilsítear i ndoiciméadacht chonarthaigh cheangailteach an táirge amhail an cion dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/2088 nó aon doiciméad dlíthiúil ábhartha eile.

¹⁸ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeán theicniúla rialála lena sonraítear mionsonraí an ábhair agus cur i láthair na faisnéise i ndáil leis an bprionsabal “gan dochar suntasach a dhéanamh”, lena sonraítear inneachar, modheolaíochtaí agus cur i láthair na faisnéise i ndáil le táscairí inbhuanaitheachta agus drochtionchair inbhuanaitheachta, agus inneachar agus cur i láthair na faisnéise i ndáil le saintréithe comhshaoil nó sóisialta agus cuspóirí infheistíochta inbhuanaithe a chur chun cinn i ndoiciméid réamhchonarthacha, ar shuíomhanna gréasáin agus i dtuarascálacha tréimhsíúla (IO L 196, 25.7.2022, lgh. 1–72)

d) Cibé acu, i gcás inarb ábhartha, a dhíríonn an táirge ar chritéir chomhshaoil, shóisialta nó rialachais nó ar mheascán díobh¹⁹;

21. Ag brath ar shaintréithe an táirge shonraigh arna mhonarú, d'fhéadfadh sé go n-aithneofaí grúpa leathan cliant, a d'fhéadfadh grúpa níos srianta a chuimsiú freisin, mar thoradh ar chur síos ar cheann amháin nó níos mó de na catagóirí thuas. Mar shampla, má mheastar go bhfuil táirge comhoiriúnach le sprioc-chliant a bhfuil eolas agus taithí ábhartha ghinearálta acu, is léir go mbeidh sé comhoiriúnach le leibhéal sofaisticiúil eolais agus taithí.
22. D'fhonn an baol míchéille agus míthuisceana sheachaint, ba cheart do mhonaróirí na coincheapa agus an téarmaíocht a úsáidtear a shainiú go soiléir agus an spriocmhargadh á shainaithint acu sna cúig chatagóir a liostaítear i mír 19 thuas.

An spriocmhargadh féideartha a shainaithint: difreáil ar bhonn chineál an táirge arna mhonarú

23. Ba cheart an spriocmhargadh féideartha a shainaithint i gcás gach táirge, ar bhealach iomchuí agus comhréireach, agus cineál an táirge á chur san áireamh. Ciallaíonn sé sin gur cheart saintréithe an táirge a chur san áireamh agus an spriocmhargadh á sainaithint, lena n-áirítear castacht an táirge (lena n-áirítear struchtúr costas agus muirear), próifíl riosca-luaíochta nó neamhleachtachta, nó a nádúr a nuálaíochta.
24. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do mhonaróirí an leibhéal castachta atá le cur i leith táirgí arna monarú acu a shainiú agus a chéimniú ar bhealach cuí chun an leibhéal mionsonraithe is gá a shainiú ar cheart an spriocmhargadh a shainaithint leis. Cé gur téarma coibhneasta é “castacht”, a bhraitheann ar roinnt tosca, ba cheart do ghnólachtaí na critéir agus na prionsabail a shainaithnítear in Airteagal 25(4) de MiFID II a chur san áireamh freisin.
25. I gcás táirgí níos casta, amhail táirgí struchtúrtha, a bhfuil próifílí casta toraidh acu, ba cheart an spriocmhargadh a shainaithint ar bhealach níos mionsonraithe. I gcás táirgí níos simplí, is dócha go sainaithneofar an spriocmhargadh le níos lú sonraí²⁰. Ag brath ar an táirge, féadfaidh an cur síos ar cheann amháin nó níos mó de na catagóirí thuasluaite a bheith níos cineálaí. Dá simplí an táirge, is ea is lú ar chóir a chatagóir a mhionsonrú.
26. I gcás táirgí áirithe atá an-chasta agus a bhfuil riosca ag baint leo, amhail conarthaí difríochta (CFDanna) agus táirgí eile a bhfuil gnéithe comhchosúla acu, ba cheart do mhonaróirí measúnú spriocmhargaidh an-chúramach a dhéanamh, agus an toradh air sin ná suntasach ar an spriocmhargadh nó gan spriocmhargadh comhoiriúnach ar bith a bheith ann. Má mheasann monaróir nach bhfuil spriocmhargadh comhoiriúnach ag CFD nó táirge a bhfuil saintréithe comhchosúla aige, níor cheart go gcuirfeadh sé an táirge ar fáil lena dháileadh. Má mheasann monaróir go bhfuil spriocmhargadh ann a bhfuil CFD nó táirge le gnéithe comhchosúla comhoiriúnach lena riachtanais, saintréithe agus cuspóirí, ba cheart

¹⁹ Mar a thagraítear dó i mír 27, an dara pointe urchair, de Threoirlínte ESMA maidir le gnéithe áirithe de cheanglais oiriúnachta MiFID II (Tag. ESMA35-43-3172).

²⁰ Féach Aithris 19 de Threoir Tharmhligthe MiFID II.

spriocmhargadh den sórt sin a theorannú i gcás ar bith do chliaint ard-riosca a bhfuil tuiscint acu maidir leis na rioscaí atá i gceist agus atá toilteanach airgead a chailleadh, ar an meán, lena n-infheistíocht agus atá ag lorg infheistíochtaí amhantracha nach bhfuil ach seans beag i gceist leo fáltais dhearfacha a thuilleamh.

27. Féadfaidh monaróirí cinneadh a dhéanamh freisin an spriocmhargadh a shainiú trí chur chuige comhchoiteann a ghlacadh i gcás táirgí áirithe má tá gnéithe táirge acu atá inchomparáide go leor (“cur chuige braislithe”). Agus cur chuige braislithe á ghlacadh acu, ba cheart do mhonaróirí leibhéal leordhóthanach gráinneachta a úsáid chun a áirithiú nach ndéanfar ach táirgí a bhfuil saintréithe agus gnéithe riosca sách inchomparáide acu a ghrúpáil le chéile (i.e. ba cheart do bhraislí a bheith aonchineálach eatarthu féin agus ilchineálach i measc braislí eile). Agus é á chinntiú acu go ndéantar braislí aonchineálacha a shainaithint, ba cheart do ghnólachtaí aird ar leith a thabhairt ar leibhéal castachta na dtáirgí, nó i bhfocail eile, dá casta a éiríonn buntáirgí an bhraislithe, is ea is gráinní ba cheart don bhraisliú a bheith. Go ginearálta, i gcás táirgí áirithe atá níos casta, táthar ag súil nach mbeidh cur chuige braislithe iomchuí agus gur cheart do ghnólachtaí an spriocmhargadh a shainiú ar leibhéal an táirge aonair.
28. Ba cheart do ghnólachtaí roinnt príomhthosca a chur san áireamh agus iad ag braisliú táirgí, amhail: tosca riosca (amhail riosca margaidh, creidmheasa agus neamhleachtachta); struchtúr muirear (leibhéal agus cineál na gcostas); eilimintí roghnaíochta (i gcás díorthach, nó táirgí a bhfuil díorthaigh leabaithe iontu); gearráil airgeadais; incháilitheacht i dtaobh tarrtháil inmheánach a dhéanamh; clásail fho-ordúcháin; inbhraiteacht na bunionstraime (e.g. úsáid innéacsanna nárbh eol dóibh nó atá doiléir); ráthaíochtaí maidir le haisíocíocht an bhunairgid nó clásail maidir le cosaint caipitil; leachtacht an táirge (i.e. cumas trádála ar ionaid trádála, an raon difríochta idir tairiscint agus iarraidh, srianta díola, táillí scoir); agus an t-airgeadra ina bhfuil an táirge ainmnithe).
29. Agus cur chuige braislithe á úsáid aige, ba cheart don mhonaróir a sheiceáil agus a dhoiciméadú i gcónaí maidir le gach táirge sonrath an mbaineann sé le braisle áirithe agus, dá bhrí sin, an féidir an spriocmhargadh a sainathnódh don bhraisle sin a shannadh don táirge sin. Chun na críche sin, ba cheart critéir shoiléire a shonrú maidir le gach braisle. I gcás ar bith, agus cur chuige braislithe á úsáid acu, ba cheart do mhonaróirí torthaí an struchtúir muirear agus anailísí cáis ar gach táirge a chur san áireamh.
30. I ngach cás, lena n-áirítear an cur chuige braislithe, ní mór an spriocmhargadh a shainaithint ar leibhéal sách mionsonraithe ionas nach n-áireofar aon ghrúpa infheisteoirí nach bhfuil an táirge comhoiriúnach dá riachtanais, dá saintréithe agus dá gcuspóirí.
31. I gcás táirgí saincheaptha, de ghnáth is é spriocmhargadh an táirge an cliant a d'ordaigh an táirge ach amháin má tá sé beartaithe an táirge a dháileadh ar chliaint eile freisin.

Comhordú idir straitéis dáileacháin an mhonaróra agus sainiú a spriocmhargaidh

32. De réir Airteagal 16(3) de MiFID II, áiritheoidh an monaróir go bhfuil an straitéis dáileacháin atá beartaithe aige comhsheasmhach leis an spriocmhargadh sainaitheanta agus, i gcomhréir le hAirteagal 24(2) de MiFID II, ní mór don mhonaróir bearta réasúnta a dhéanamh chun a áirithiú go ndáiltear an táirge ar an spriocmhargadh sainaitheanta. Ba

cheart don mhonaróir a straitéis dáileacháin a shainiú ionas go dtacóidh an straitéis sin le gach táirge a dhíol le spriocmhargadh an táirge seo. Áirítear leis sin, nuair is féidir leis an monaróir dáileoirí a tháirgí a roghnú, go ndéanann an monaróir a dhícheall dáileoirí a roghnú a bhfuil a gcineál cliant agus seirbhísí arna soláthar acu comhoiriúnach le spriocmhargadh an táirge.

33. Agus an straitéis dáileacháin á sainiú aige, ba cheart do mhonaróir fáil amach cé mhéad faisnéise faoin chliant a theastaíonn ón dáileoir chun measúnú cuí a dhéanamh ar spriocmhargadh a tháirge. Dá bhrí sin, ba cheart don mhonaróir an cineál seirbhíse infheistíochta a mholadh trínar cheart do na sprioc-chliant an ionstraim airgeadais a fháil nó trínar féidir leo é a fháil. Má mheastar go bhfuil sé iomchuí an táirge a dhíol gan comhairle, d'fhéadfadh an gnólacht an cainéal fála is fearr a shonrú freisin.

5.3 Treoirínte do dháileoirí

Uainiú agus an gaol idir measúnú spriocmhargaidh an dáileora agus próisis rialachais táirgí eile

34. Ba cheart spriocmhargadh an dáileora a shainaithint (i.e. an spriocmhargaidh “iarbhír” a shainaithint don táirge sin) mar chuid den phróiseas cinnteoireachta ginearálta maidir le raon na seirbhísí agus na dtáirgí a dháilfidh an dáileoir. Dá bhrí sin, ba cheart go ndéanfar sainaithint ar an spriocmhargadh iarbhír go luath ar bhonn ex-ante (i.e. roimh ghnó laethúil a thosú agus/nó roimh chinneadh a dhéanamh ar cheart an táirge a áireamh i dtairiscint an ghnólachta), bunaithe ar bheartais ghnó agus ar straitéisí dáileacháin an ghnólachta mar atá sainithe ag an gcomhlacht bainistíochta. Go háirithe, trí spriocmhargadh na dtáirgí atá beartaithe lena ndáileadh a shainaithint, ba cheart a áirithiú go mbeidh na cinntí a dhéanfar chun raon táirgí an dáileora a shainiú agus saintréithe, cuspóirí agus riachtanais bhonn cliant an dáileora á gcur san áireamh.
35. Go háirithe, ba cheart do dháileoirí freagracht a ghlacadh, ón tús, as comhsheasmhacht ghinearálta na dtáirgí agus na seirbhísí infheistíochta agus/nó na seirbhísí coimhdeacha atá le tairiscint a áirithiú, agus as na dtáirgí atá le tairiscint faoi na seirbhísí éagsúla a roghnú, chun comhoiriúnacht le riachtanais, saintréithe agus cuspóirí na gcliant a áirithiú. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar na gnéithe a bhaineann leis an gcomhsheasmhacht ghinearálta sin idir táirgí, seirbhísí agus straitéisí dáileacháin le sprioc-chliant agus ba cheart iad a chur ar bhonn foirmiúil i mbeartas an ghnólachta maidir leis na seirbhísí, na gníomhaíochtaí, na dtáirgí agus na hoibríochtaí a thairgtear nó a sholáthraítear.²¹
36. Ba cheart go mbeadh tionchar díreach ag an bpróiseas cinnteoireachta maidir leis an tseirbhís agus na cruinne táirge in éineacht leis an bpróiseas sainaitheanta spriocmhargaidh sa dóigh ina ndéanann an gnólacht a ghnó laethúil, agus roghanna an chomhlachta bainistíochta á gcur i bhfeidhm feadh slabhra cinnteoireachta agus ordlathas

²¹ I gcomhréir le hAirteagal 9(3)(b) de MiFID II.

an ghnólachta. Beidh tionchar díreach ag na próisis sin go comhpháirteach ar chomhoiriúnacht na dtáirgí agus na seirbhísí arna dtairiscint agus beidh tionchar acu ar na próisis ábhartha eile go léir a bhaineann leis na seirbhísí arna soláthar, go háirithe an sainiú na gcuspóirí buiséadaithe agus na mbeartas íocaíochta don fhoireann.

37. Ba cheart do ghnólachtaí díriú go háirithe ar na seirbhísí infheistíochta trína dtairgfear na táirgí dá spriocmhargaí faoi seach. Sa chomhthéacs sin, tá ESMA ag súil go gcuirfear cineál na dtáirgí san áireamh go cuí, agus go dtabharfar aird ar leith ar na táirgí siúd a bhfuil castacht/gnéithe riosca nó gnéithe ábhartha eile (amhail, mar shampla, neamhleachtacht agus nuálaíocht) ag gabháil leo.²² Mar shampla, má tá faisnéis mhionsonraithe ag dáileoir faoi roinnt cliant (mar shampla, trí chaidreamh atá bunaithe eatarthu cheana chun comhairle infheistíochta a sholáthar), d'fhéadfadh sé a chinneadh, agus próifíl riosca-luaíochta táirge á cur san áireamh, gur fearr a dhéanfaí freastal ar leas an ghrúpa cliant sin dá ndéanfaí seirbhísí forghníomhaithe a eisiáimh dóibh. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh an dáileoir a chinneadh nach ndéanfar roinnt táirgí neamhchasta, a d'fhéadfaí a thairiscint faoin gcóras forghníomhaithe amháin, a thairiscint ach amháin i gcomhréir le ceanglais iomchuibhis nó oiriúnachta, chun leibhéal níos airde cosanta a thabhairt do chliant.
38. Go sonrach, ba cheart do dháileoirí a chinneadh cad iad na táirgí a mholfar (trí bhainistiú punainne a sholáthar freisin) nó a thairgfear nó a chuirfear ar an margadh go gníomhach do ghrúpaí áirithe cliant (a bhfuil gnéithe i bpáirt acu i dtaca lena gcuid eolais, taithí, lena staid airgeadais, etc.). Ba cheart do dháileoirí a chinneadh freisin cad iad na táirgí a chuirfear ar fáil do chliant (atá ann cheana nó cliant ionchasacha) ar a dtionscnamh féin trí sheirbhísí forghníomhaithe gan margaíocht ghníomhach, ós rud é go bhféadfadh leibhéal na faisnéise cliant atá ar fáil a bheith an-teoranta i gcásanna den sórt sin.
39. Ag na céimeanna ginearálta cinnteoireachta céanna, ba cheart do dháileoirí smaoineamh faoi cad iad na straitéisí dáileacháin ba cheart a úsáid le haghaidh na grúpaí cliant éagsúla, lena n-áirítear an chaoi a ndéanfar táirgí a mhargú. Go háirithe, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag gnólachtaí cleachtas poite agus cleachtas idirghníomhaithe dhigitigh a úsáid amhail teicnící cluichithe²³ chun táirgí áirithe a dháileadh, ba cheart do dháileoirí measúnú cúramach a dhéanamh ar cé acu an mbeadh nó nach mbeadh úsáid na dteicnící sin chun leasa an ghrúpa cliant dá n-úsáidí straitéisí den sórt sin. Dá bhrí sin, ba cheart do dháileoirí a chinneadh cé hiad na grúpaí cliant a gcuirfear na seirbhísí sin ar fáil dóibh, bunaithe ar

²² Tá sé sin i gcomhréir le hAithris 18 de Threoir Tharmhligthe MiFID II, lena soiléirítear an méid seo a leanas: "i bhfianaise na gceanglas a leagtar amach i dTreoir 2014/65/AE agus ar mhaithe le cosaint infheisteoirí, ba cheart feidhm a bheith ag rialacha rialachais táirgí maidir le gach táirge a dhíoltar ar mhargaí príomhúla agus tánaisteacha, beag beann ar an gcineál táirge nó seirbhíse a sholáthraítear agus ar na ceanglais is infheidhme ag an díolphointe. Mar sin féin, féadfar na rialacha sin a chur i bhfeidhm ar bhealach comhréireach, ag brath ar chastacht an táirge agus ar a mhéid is féidir faisnéis atá ar fáil go poiblí a fháil, agus cineál na hionstraime, na seirbhíse infheistíochta agus an spriocmhargaidh á gcur san áireamh. Ciallaíonn comhréireacht go bhféadfadh na rialacha sin a bheith sách simplí i gcás táirgí áirithe simplí a dháiltear ar bhonn forghníomhaithe amháin i gcás ina mbeadh na táirgí sin comhoiriúnach le riachtanais agus le saintréithe an mhórmhargaidh miondíola".

²³ Tugann teicnící cluichithe cluichí nó eilimintí atá cosúil le cluichí isteach i gcomhthéacsanna nach cluichí iad ar nós seirbhísí airgeadais. Samplaí d'eilimintí atá cosúil le cluichí is ea an deis pointí nó suaitheantais a thuilleamh; scórchlár nó boird cheannaire a choinneáil; graif feidhmíochta a thaispeáint; scéalta nó abhatáir mhealltacha a úsáid chun úsáideoirí a tharraingt isteach; nó baill foirne a thabhairt isteach chun coinbhleacht, comhar nó iomaíocht a spreagadh. Cineál cleachtas idirghníomhaithe digití is féidir a úsáid is ea an cluichí; dá réir sin, tagraíonn cleachtas idirghníomhaithe digití don chaoi a n-idirghníomhaíonn úsáideoirí le feidhmchlár bogearraí nó le hardán bogearraí.

shaintréithe na gcliant nó na gcliant ionchasach. Mar sin féin, ní bheidh teicnící áirithe cluichithe (amhail iad siúd a úsáidtear in aipeanna trádála atá ceaptha chun an cliant (féideartha) a phoiteadh i dtreo iompraíocht dhíobhálach, e.g. líon na ngníomhaíochtaí trádála a uasmhéadú) chun leasa an chliant choíche. Ina theannta sin, d'fhéadfaí go gcuirfeadh cleachtais poite agus idirghníomhaithe dhigitigh le dáileadh táirgí lasmuigh dá spriocmhargadh. Agus an spriocmhargadh dá seirbhísí á shainaithint acu, ba cheart do dháileoirí aird ar leith a thabhairt ar chásanna ina soláthrófar beart seirbhísí do chliant, amhail seirbhísí forghníomhaithe agus an tseirbhís choimhdeach a bhaineann le hiasachtaí a thabhairt lena chun é a chur ar chumas an chliant idirbheart a chur i gcrích.

40. I gcás ar bith, más rud é, ar bhonn na faisnéise agus na sonraí uile a d'fhéadfadh a bheith ar fáil do na dáileoirí agus arna mbailiú trí infheistíocht nó trí sheirbhísí coimhdeacha nó trí fhoinse eile, lena n-áirítear an fhaisnéis arna bailiú ó mhonaróirí, go measann an dáileoir nach mbeidh táirge áirithe comhoiriúnach choíche do riachtanais agus do shaintréithe a chuid cliant reatha nó a cliant ionchasach, níor cheart dó an táirge a áireamh ina raon táirgí (i.e. cad iad na táirgí a thairgfear, cé dóibh a dtairgfear iad, agus cad iad na seirbhísí infheistíochta trína soláthrófar iad).

An gaol idir na ceanglais rialachais táirgí agus an measúnú ar oiriúnacht nó iomchuibheas

41. Maidir leis an oibleagáid atá ar an dáileoir an spriocmhargadh iarbhír a shainaithint agus a áirithiú go ndáiltear táirge i gcomhréir leis an spriocmhargadh iarbhír, ní chuirtear measúnú ar oiriúnacht nó iomchuibheas in ionad na hoibleagáide sin agus ní mór an oibleagáid a chomhlíonadh sa bhreis ar an measúnú agus roimh a leithéid de mheasúnú a dhéanamh. Go háirithe, ba cheart go n-áiríteofaí, maidir le táirge ar leith, le sainaithint a spriocmhargaidh agus a straitéise dáileacháin gaolmhaire go mbeidh an táirge ar fáil don chineál custaiméirí ar ceapadh i leith a riachtanais, saintréithe agus gcuspóirí é, seachas do ghrúpa cliant eile nach mbeadh an táirge comhoiriúnach dóibh.

An spriocmhargadh arna shainaithint ag an dáileoir: catagóirí atá le cur san áireamh

42. Ba cheart do dháileoirí an liosta céanna catagóirí a úsáideann monaróirí (féach mír 19 agus mír 20) a úsáid mar bhonn leis an spriocmhargadh a shainiú dá dtáirgí, agus gan dhá chatagóir nó níos mó a chumasc (féach mír 16). Mar sin féin, ba cheart do dháileoirí an spriocmhargadh a shainiú ar leibhéal níos nithiúla agus ba cheart dóibh an cineál cliant a soláthraíonn siad seirbhísí infheistíochta dóibh, cineál na dtáirgí agus na cineálacha seirbhísí infheistíochta a sholáthraíonn siad agus leibhéal mhionsonrú na faisnéise arna bailiú ó chliant a chur san áireamh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do dháileoirí a áirithiú go bhfuil na coincheapa a úsáidtear chun spriocmhargaí iarbhír na dtáirgí a shainiú ag teacht leis na coincheapa a úsáidtear i gcomhthéacs na socruithe oiriúnachta agus iomchuibhis. Mar shampla, i dtaca le catagóir spriocmhargaidh an mhonaróra maidir lena eolas agus a thaithí, a d'fhéadfadh tagairt ghinearálta a dhéanamh d'infheisteoirí "bunleibhéil", "meánleibhéil" nó "ardleibhéil", ba cheart don dáileoir aicmiú níos gráinní a ghlacadh atá i gcomhréir lena socruithe oiriúnachta nó iomchuibhis, i gcás inarb iomchuí i bhfianaise ghnéithe na dtáirgí; bainfeadh sampla eile le dáileoir a shonraíonn – i ndáil le

lamháltas riosca na gcliant sa chatagóir sin – toilteanas na gcliant glacadh leis an riosca go dtiocfadh meath ar luach an táirge faoi chéatadán áirithe. Rud atá tábhachtach, agus spriocmhargadh iarbhír na dtáirgí á shainiú acu, ba cheart do dháileoirí téarmaí agus sainmhínte comhsheasmhacha a úsáid agus ba cheart dóibh comhsheasmhacht a áirithiú idir na spriocmhargaí iarbhír a shainítear do tháirgí a bhfuil gnéithe aonchineálacha táirgí acu.

43. Ós rud é go gcaithfidh an monaróir an spriocmhargadh féideartha a shonrú bunaithe ar a eolas teoiriciúil agus ar a thaithí le táirge comhchosúil, saineoidh sé spriocmhargadh an táirge gan eolas sonracha a bheith aige ar chliaint aonair. Dá bhrí sin, déanfar measúnú an mhonaróra le dearcadh níos ginearálta ar an gcaoi a mbeadh gnéithe/cineál táirge ar leith comhoiriúnach do chineálacha áirithe infheisteoirí, bunaithe ar an eolas atá acu ar na margaí airgeadais agus ar an taithí a bhí acu roimhe sin ar tháirgí comhchosúla. Sa dóigh sin, tugtar sraith teorainneacha isteach ar leibhéal níos teibí.
44. Ar an taobh eile, caithfidh an dáileoir an spriocmhargadh iarbhír a shonrú, agus teorainneacha an spriocmhargaidh fhéideartha arna leagan síos ag an monaróir á gcur san áireamh. Ba cheart do dháileoirí sainaitheint a spriocmhargaidh a bhunú ar a bhfaisnéis agus ar a n-eolas ar a mbonn cliant féin agus ar an bhfaisnéis a fhaigheann siad ón monaróir (más ann di) nó ar an bhfaisnéis atá faighte ag an dáileoir féin trí thaighde deisce (go háirithe i gcásanna inar gnólacht nua é an dáileoir nach bhfuil go leor faisnéise iarbhír aige fós faoina chliaint féin). Ba cheart do dháileoirí measúnú margaidh níos ginearálta an mhonaróra a úsáid mar aon le faisnéis atá ann cheana faoina gcliant nó faoina gcliant ionchasacha chun a spriocmhargadh féin a shainaithint le haghaidh táirge a bhaineann leis an ngrúpa cliant a ndéanfaidh siad an táirge a thairiscint dó trí sholáthar a gcuid seirbhísí.
45. Chuige sin, ba cheart do dháileoirí anailís chríochnúil a dhéanamh ar shaintréithe a mbonn cliant, i.e. cliant atá ann cheana, chomh maith le cliant ionchasacha (mar shampla, d'fhéadfadh cliant taiscí bainc a bheith ag dáileoir a bhfuil sé beartaithe aige seirbhísí infheistíochta a thairiscint dóibh). Ba cheart do dháileoirí úsáid a bhaint as aon fhaisnéis agus sonraí a mheastar a bheith réasúnta úsáideach agus atá ar fáil chun na críche sin agus a d'fhéadfadh a bheith ar fáil do na dáileoirí agus a bhailítear trí infheistíocht nó trí sheirbhísí coimhdeacha. Ina theannta sin, d'fhéadfaidís úsáid a bhaint as aon fhaisnéis agus sonraí a mheastar a bheith réasúnta úsáideach agus atá ar fáil agus a d'fhéadfadh a bheith ar fáil do na dáileoirí agus a bhailítear trí fhoinsí eile seachas soláthar seirbhísí infheistíochta nó seirbhísí coimhdeacha.
46. Agus spriocmhargadh an mhonaróra á bheachtú aige, níor cheart don dáileoir imeacht ó na cinní bunúsacha a rinneadh ann. Mar sin féin, ní féidir le dáileoirí brath ar spriocmhargadh an mhonaróra gan a mheas conas a d'oirfeadh an spriocmhargadh arna shainiú ag an monaróir dá mbonn cliant. Chun na críche sin, ba cheart do dháileoirí próiseas tiomnaithe a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun, ar próiseas é nach mór a úsáid i ngach cás. Tá an próiseas sin faoi réir comhréireachta, i.e. ba cheart go ndéanfaidh an dáileoir grinnscrúdú agus – más gá – beachtú níos déine ar spriocmhargadh na monaróirí i gcás táirgí atá níos casta agus d'fhéadfadh sé gan a bheith chomh dian sin i gcás táirgí atá níos simplí agus níos coitianta. Chun a chinntiú go ndéantar grinnscrúdú

cuí ar a leithéid de táirgí níos casta, ba cheart do dháileoirí a chinneadh freisin an bhfuil gá acu le rochtain ar mheasúnuithe foluiteacha amhail torthaí chás an mhonaróra agus anailísí ar an struchtúr muirear, chomh maith le cur síos ar spriocmhargadh na monaróirí. Más rud é, mar thoradh ar an bpróiseas, go gcinneann an dáileoir nach gá spriocmhargadh an mhonaróra a bheachtú, féadfaidh an dáileoir spriocmhargadh an mhonaróra a úsáid mar atá sé.

47. Féadfaidh dáileoirí a chinneadh freisin an spriocmhargadh a shainiú trí chur chuige braislithe a ghlacadh i gcás táirgí áirithe, i gcomhréir leis na prionsabail maidir le leibhéal leordhóthanach gráinneachta a áirithiú mar a léirítear i míreanna 27-30. Mar shampla, agus é á áirithiú nach ndéantar ach GCUInna ag a bhfuil saintréithe atá sách inchomparáide a bhraisliú chun an spriocmhargadh a shainaithint, is éard a bheadh i gceist maidir le fachtóirí idirdhealaitheacha ná na cineálacha aicmí sócmhainní a ndéanann an GCU infheistíocht iontu, a straitéis infheistíochta, a rioscaí, a struchtúr muirear (e.g. leibhéal agus cineálacha na gcostas), aon ghíaráil arna húsáid, agus mar sin de. Ba cheart fachtóirí den sórt sin a úsáid ar bhealach carnach.
48. De ghnáth, déanfar measúnú spriocmhargaidh an dáileora tar éis don mhonaróir a spriocmhargadh a chur in iúl dó. Mar sin féin, d'fhéadfadh monaróir agus dáileoir spriocmhargadh an mhonaróra agus spriocmhargadh an dáileora a shainiú araon, lena n-áirítear aon phróiseas athbhreithnithe agus beachtaithe, ag an am céanna. D'fhéadfaí a dhéanamh amhlaidh, mar shampla, i gcás ina bhforbróidh an monaróir agus an dáileoir go comhpháirteach caighdeán coiteann spriocmhargaidh do na táirgí a mbíonn á malartú de ghnáth. Tá freagracht fós ar an monaróir agus ar an dáileoir araon as a n-oibleagáidí spriocmhargadh a shainaithint mar a thuairiscítear in MiFID II agus i dTreoir Tharmhligthe MiFID II agus mar a shonraítear tuilleadh sna treoirlínte sin maidir le spriocmhargadh a shainaithint. Ní mór do mhonaróir bearta réasúnacha a dhéanamh fós chun a áirithiú go ndáiltear táirgí ar an spriocmhargadh sainaitheanta, agus ní mór do dháileoir a áirithiú nach ndéantar táirgí a thairiscint ná a mholadh ach amháin nuair is chun leasa na gcliant é sin.
49. Nuair a shainíonn dáileoirí a raon táirgí, ba cheart dóibh aird ar leith a thabhairt ar chásanna ina bhféadfadh sé nach mbeidís in ann measúnú críochnúil a dhéanamh ar an spriocmhargadh de bhua an chineáil seirbhísí a sholáthraíonn siad (go háirithe seirbhísí forghníomhaithe faoin tástáil iomchuibhis nó faoin gcóras forghníomhaithe amháin). Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás táirgí lena mbaineann castacht/gnéithe riosca (nó gnéithe ábhartha eile amhail, mar shampla, neamhleachtacht nó nuálaíocht), chomh maith le cásanna ina bhféadfadh coinbhleachtaí leasa suntasacha a bheith ann (mar shampla, i ndáil le táirgí arna n-eisiúint ag an ngnólacht féin nó ag eintitis eile laistigh den ghrúpa). Sna himthosca sin, is é an rud is tábhachtaí ná go dtabharfaidh dáileoirí aird chuí ar an bhfaisnéis ábhartha arna soláthar ag monaróir an táirge, i dtaca leis an spriocmhargadh agus leis an straitéis dáileacháin araon.

An spriocmhargadh a shainaithint: difreáil bunaithe ar chineál an táirge a dháiltear

50. Ba cheart go sainaitheodh an dáileoir measúnú an spriocmhargaidh ar bhealach iomchuí agus comhréireach, agus cineál an táirge á chur san áireamh, i gcomhréir leis an méid a thuairiscítear i mír 23 go mír 31.
51. I gcás ina bhfuil spriocmhargadh sainaitheanta ag an monaróir le haghaidh táirgí níos simplí, ní gá go ndéanfaí spriocmhargadh an mhonaróra a bheachtú mar thoradh ar shainaitheint spriocmhargaidh an dáileora.

An spriocmhargadh arna shainaitheint agus arna mheasúnú ag an dáileoir: idirghníomhaíocht le seirbhísí infheistíochta

52. Mar a luadh thuas, ní mór do dháileoirí imthosca agus riachtanais an ghrúpa cliant a bhfuil siad chun táirge a thairiscint nó a mholadh dóibh a shainaitheint agus a mheasúnú, d'fhonn comhoiriúnacht idir an táirge sin agus na sprioc-chliant faoi seach a áirithiú. Ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid sin ar bhealach comhréireach, ag brath ní hamháin ar chineál an táirge (féach mír 50), ach freisin ar chineál na seirbhísí infheistíochta a sholáthraíonn gnólachtaí.
53. I ndáil leis an méid sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar thaobh amháin, go bhfuil tionchar ag na seirbhísí a sholáthraítear ar an measúnú ex-ante ar an spriocmhargadh iarbhir, ós rud é gur féidir é a dhéanamh ar bhealach críochnúil, a bheag nó a mhór, ag brath ar leibhéal na faisnéise atá ar fáil ó na cliant, rud a bhraitheann féin ar an gcineál seirbhísí a sholáthraítear agus ar thionchar na rialacha a bhaineann lena soláthar (go háirithe, cuidíonn comhairle infheistíochta agus bainistiú punainne le tacar faisnéise níos leithne a fháil faoi chliant i gcomparáid leis na seirbhísí eile). Ar an taobh eile, bíonn tionchar ag an measúnú spriocmhargaidh ar an gcinneadh maidir leis an gcineál seirbhísí a sholáthrófar i ndáil le cineál an táirge agus le himthosca agus riachtanais na sprioc-chliant sainaitheanta, ós rud é go n-athraíonn leibhéal na cosanta ar infheisteoirí i gcás seirbhísí infheistíochta éagsúla, ag brath ar na rialacha a bhfuil feidhm acu ag an díolphointe. Go háirithe, is féidir le seirbhísí comhairle infheistíochta agus seirbhísí bainistithe punainne leibhéal níos airde cosanta a thabhairt d'infheisteoirí, i gcomparáid le seirbhísí eile a sholáthraítear faoin gcóras iomchuibhis nó faoin gcóras forghníomhaithe amháin.
54. Dá bhrí sin, nuair a shainíonn dáileoirí a raon táirgí, táthar ag súil go dtabharfaidh siad aird ar leith ar chásanna ina bhféadfadh sé nach mbeidís in ann measúnú críochnúil a dhéanamh ar an spriocmhargadh de bhua an chineáil seirbhísí a chuireann siad ar fáil. Go háirithe, i gcás nach ndéanann dáileoirí ach seirbhísí forghníomhaithe leis an measúnú ar iomchuibheas (mar shampla trí ardán bróicéireachta), ba cheart dóibh a chuimhneamh go mbeidh siad in ann de ghnáth measúnú a dhéanamh ar an spriocmhargadh iarbhir atá teoranta do na catagóirí aonair maidir le heolas agus taithí na gcliant (féach mír 19(b)); i gcás nach ndéanann siad ach seirbhísí forghníomhaithe faoin gcóras forghníomhaithe amháin, ní fhéadfar fiú measúnú ar eolas agus ar thaithí na gcliant a dhéanamh de

ghnáth.²⁴ I ndáil leis sin, ba cheart do ghnólachtaí aird ar leith a thabhairt ar an straitéis dáileacháin arna moladh ag an monaróir (féach míreanna 33, 59 go 61).

55. Tá sé sin ábhartha go háirithe maidir le táirgí a bhfuil gnéithe castachta/riosca mar shaintréith acu (nó gnéithe ábhartha eile amhail, mar shampla, nuálaíocht), chomh maith le cásanna ina bhféadfadh coinbhleachtaí leasa suntasacha a bheith ann (amhail maidir le táirgí arna n-eisiúint ag eintitis laistigh de ghrúpa an ghnólachta nó nuair a fhaigheann dáileoirí aslaigh ó thríú páirtithe), agus aird á tabhairt freisin ar an leibhéal teoranta cosanta a thugtar do chliant ag an díolphointe leis an tástáil iomchuibhis (nó gan aon chosaint ar chor ar bith, i gcás forghníomhú amháin). In imthosca den sórt sin, is é an rud is tábhachtaí ná go dtabharfaidh dáileoirí aird chuí ar an bhfaisnéis ábhartha uile a sholáthraíonn monaróir an táirge, i dtaca leis an spriocmhargadh agus an straitéis dáileacháin a d'fhéadfadh a bheith ann. Mar shampla, i gcás ina ndéantar, trí spriocmhargadh an mhonaróra, cur síos ar tháirge a bhfuil gnéithe ar leith aige a dteastaíonn ní hamháin eolas agus taithí mhionsonraithe an chliant ina leith, ach staid shonrach airgeadais agus cuspóirí/riachtanais uathúla freisin, féadfaidh an dáileoir cinneadh a dhéanamh cur chuige stuama a ghlacadh trí gan é a áireamh ina raon táirgí (fiú go mbeadh an gnólacht in ann measúnú ex-ante a dhéanamh ar chomhoiriúnacht an táirge sin lena bhonn cliant ó thaobh eolais agus taithí de).
56. Thairis sin, agus ag cur san áireamh go laghdaíonn cosaint an chliant nuair nach leor an fhaisnéis atá ar fáil chun measúnú iomlán ar an spriocmhargadh a áirithiú, féadfaidh dáileoirí a chinneadh freisin ligean do chliant feidhmiú ar bhonn neamh-mholta tar éis rabhadh a thabhairt dóibh nach bhfuil an gnólacht in ann measúnú a dhéanamh ar a gcomhoiriúnacht iomlán le táirgí den sórt sin. In gcás ar bith, mar a luaitear i mír 60, ba cheart an cinneadh sin a bheith bunaithe i gcónaí ar ghnéithe an táirge (e.g. i dtéarmaí costas/castachta), agus ar chásanna ábhartha eile (amhail coinbhleachtaí leasa i gcás féinláithrithe nó aslach). Dá bhrí sin, níor cheart táirgí a dháileadh trí dhíolacháin neamh-mholta mura féidir leis an dáileoir a bheith ag súil go réasúnta (i.e. ex-ante) go gcuirfidh an straitéis dáileacháin don táirge (lena n-áirítear a straitéis mhargaíochta agus faisnéise) ar chumas an táirge an spriocmhargadh sainaitheanta a bhaint amach. Ar an bhealach céanna, fiú má thugtar rabhadh nach bhfuil an gnólacht in ann measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht iomlán cliant le táirge, ní dhíolmhaítear an gnólacht ón oibleagáid táirgí a athbhreithniú, agus aon díolacháin lasmuigh den spriocmhargadh á gcur san áireamh chomh maith (féach mír 72 freisin).
57. I gcodarsnacht leis sin, má tá sé beartaithe ag dáileoirí dul i dteagmháil le cliant nó le cliant ionchasacha ar bhealach ar bith chun táirge a mholadh nó a mhargú go gníomhach nó má chuireann siad an táirge sin san áireamh maidir le bainistiú punainne a sholáthar, ba cheart measúnú críochnúil a dhéanamh i gcónaí ar an spriocmhargadh.

²⁴ Mar a mhínítear thuas (féach mír 45), maidir le sainiú an spriocmhargaidh, chomh maith le faisnéis arna bailiú trí infheistíocht nó trí sheirbhísí coimhdeacha, d'fhéadfadh dáileoirí úsáid a bhaint as aon fhaisnéis agus sonraí breise a mheastar a bheith réasúnta úsáideach agus a d'fhéadfadh a bheith ar fáil dóibh agus a d'fhéadfaí bailiú trí fhoinsí eile. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh fiú gnólachtaí nach soláthraíonn ach seirbhísí infheistíochta faoi iomchuibheas nó faoi chóras forghníomhaithe amháin a bheith in ann measúnú níos críochnúla a dhéanamh ar an spriocmhargadh.

Straitéis dáileacháin an dáileora

58. Ba cheart don dáileoir an straitéis dáileacháin arna sainaitheint ag an monaróir a chur san áireamh agus í a athbhreithniú le scrúdú criticiúil. I ndeireadh na dála, áfach, lena n-áirítear nuair is eintiteas é monaróir nach bhfuil faoi réir MiFID II agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sé d'oibleagáid air straitéis dáileacháin a shainaithint, ba cheart don dáileoir a straitéis dáileacháin féin a shainiú i bhfianaise na faisnéise ar a bhonn cliant agus ar na cineálacha seirbhísí arna soláthar.

59. I bhfianaise chineál an táirge agus na seirbhíse infheistíochta, ba cheart do dháileoirí an straitéis dáileacháin arna sainaitheint ag an monaróir a bheachtú agus saintréithe bhonn cliant an dáileora á gcur san áireamh. Go háirithe, agus beachtú den sórt sin á dhéanamh, i gcás ina measann an dáileoir gur féidir táirge níos casta a bhfuil spriocmhargadh sách cúng aige a dháileadh freisin mar chuid de sheirbhísí neamh-mholta, ba cheart dó bearta breise a shainaithint chun a áirithiú go bhfuil an straitéis dáileacháin comhoiriúnach do spriocmhargadh an táirge. I gcásanna den sórt sin, ba cheart do dháileoirí smaoinemh ar ghnéithe amhail:

- An straitéis mhargaíochta ba cheart a leanúint don táirge (e.g. margaíocht ghníomhach, úsáid teicnící poite agus/nó cluichiú, “finfluencers” nó tionchairí airgeadais²⁵, agus mar sin de). Mar shampla, d’fhéadfadh dáileoir a chinneadh táirge níos casta a chur ar fáil ach amháin nuair a iarrann an cliant é agus gan é a chur ar an margadh go gníomhach nó gan aon teicnící cluchithe nó aon tionchairí airgeadais a úsáid i ndáileadh táirge den sórt sin ar a chliant; agus
- Cibé ar chóir nó nár chóir an táirge a thaispeáint i dtimpeallacht rogha an chliant agus conas é sin a dhéanamh. Mar shampla, d’fhéadfadh dáileoir cinneadh a dhéanamh gan táirge níos casta a thaispeáint in áit fheiceálach ar an suíomh gréasáin nó ar bharr torthaí cuardaigh an chliant, nó d’fhéadfadh sé a chinneadh gan táirge den sórt sin a thaispeáint ach amháin má iarrann an cliant é go sonrath.

60. Go háirithe, agus aird chuí á tabhairt ar straitéis dáileacháin mholta an mhonaróra, d’fhéadfadh an dáileoir cinneadh a dhéanamh cur chuige níos stuama a leanúint trí sheirbhísí infheistíochta a sholáthar lena dtugtar leibhéal níos airde cosanta d’infheisteoirí, amhail comhairle infheistíochta. Mar shampla, má mheasann an monaróir go bhfuil gnéithe táirge ar leith comhoiriúnach le straitéis dáileacháin trí sheirbhísí neamh-mholta, féadfaidh an dáileoir a chinneadh fós gurb amhlaidh do shaintréithe a chliant reatha nó ionchasach (mar shampla, eolas an-teoranta agus aon taithí le hinfeistíochtaí sa chineál sin táirge,

²⁵ Duine atá gníomhach ar na meáin shóisialta agus a bhfuil an méid a leanas aige/aici is ea tionchaire:

- an chumhacht chun dífeall a dhéanamh do chinntí ceannaigh daoine eile mar gheall ar a (h)údarás, mar gheall ar a (h)eolas nó a p(h)ost, nó mar gheall ar an gcaidreamh atá aige nó aici lena lucht leanúna; agus
- pobal leantóirí i réimse ar leith, a dtéann sé nó sí i dteagmháil nó i ngleic leo go gníomhach. Braitheann méid a lucht leanúna ar mhéid an topaic a bhaineann lena réimse.

I gcás “influencer” nó tionchaire airgeadais, cruthaíonn an tionchaire ábhar ar thopaicí airgeadais amhail infheistíochtaí.

staid airgeadais éagobhsaí agus cuspóirí an-ghearrthéarmacha) go mbeadh a leithéid de chomhairle infheistíochta ar an rogha is iomchuí chun a leasanna a áirithiú.

61. Os a choinne sin, d'fhéadfadh an dáileoir a chinneadh, faoi imthosca áirithe, cur chuige nach bhfuil chomh stuama céanna a ghlacadh i ndáil leis an straitéis dáileacháin arna sainiú ag an monaróir. Mar shampla, má mheasann an monaróir gur cheart táirge áirithe a thairiscint trí chomhairle infheistíochta mar gheall ar a shainghnéithe, d'fhéadfadh an dáileoir an táirge sin a chur ar fáil fós trí sheirbhísí forghníomhaithe do dheighleog shonrach na gcliant. Sna cásanna sin, tá ESMA ag súil nach ndéanadh an dáileoir amhlaidh ach amháin tar éis anailís chríochnúil a dhéanamh ar ghnéithe na dtáirgí agus na sprioc-chliant. Thairis sin, ba cheart an cinneadh sin a thuairisciú don mhonaróir mar chuid d'oibleagáid an dáileora faisnéis díolacháin a sholáthar don mhonaróir ar bhealach gur féidir leis an monaróir í a chur san áireamh ina bpróiseas rialachais táirgí agus nuair atá dáileoirí oiriúnacha á roghnú acu (mar a thuairiscítear i míreanna 32 agus 33).

Bainistiú punainne, cur chuige punainne, fálú agus éagsúlú

62. Agus comhairle infheistíochta á soláthar, cur chuige punainne á ghlacadh, agus bainistiú punainne á sholáthar don chliant aige, is féidir leis an dáileoir táirgí a úsáid chun críocha éagsúlaithe agus fálaithe. Sa chomhthéacs sin, is féidir táirgí a dhíol lasmuigh den spriocmhargadh táirge, má tá an phunann ina hiomláine nó an teaghlaim d'ionstraim airgeadais agus a fálú oiriúnach don chliant. D'fhéadfadh táirge a dhíol lasmuigh den spriocmhargadh táirgí dearfach freisin i ndáil le cuspóirí an táirge ó thaobh na hinbhuanaitheachta de, ar choinníoll go bhfuil an cur chuige comhsheasmhach leis an gcur chuige a leagtar amach i dtreoirlínte oiriúnachta ESMA²⁶.
63. Tá sainaitheint an spriocmhargaidh, arna déanamh ag an dáileoir, gan dochar don mheasúnú oiriúnachta. Ciallaíonn sé sin, i gcásanna áirithe, go bhféadfadh dialltaí incheadaithe a bheith ann idir sainaitheint an spriocmhargaidh agus incháilitheacht aonair an chliant má chomhlíonann moladh nó díol an táirge na ceanglais oiriúnachta a dhéantar ó thaobh punainne de chomh maith le gach ceanglas dlí eile is infheidhme (lena n-áirítear na ceanglais sin a bhaineann le coinbhleachtaí leasa, íocaíocht agus aslaigh a nochtadh, a shainaitheint agus a bhainistiú).
64. Trí chomhairle infheistíochta a sholáthar, trí chur chuige punainne a ghlacadh, nó trí sheirbhísí bainistithe punainne, ní dhíolmhaítear an gnólacht ó spriocmhargadh a shainiú le haghaidh gach táirge atá le dáileadh agus ó fhaireachán a dhéanamh ar dhialltaí ón spriocmhargadh lena áirithiú nach ndáiltear táirgí lasmuigh den spriocmhargadh ach amháin nuair is féidir údar cuí a thabhairt leis sin chun críocha éagsúlaithe nó fálaithe. Chun na críche sin, ní féidir údar cuí a thabhairt le dialltaí ó chatagóirí spriocmhargaidh an táirge "cineál cliant" agus "eolas agus taithí na gcliant" chun críocha éagsúlaithe nó fálaithe. I gcás bainistiú punainne, áfach, agus i bhfianaise chineál sonracha na seirbhíse,

²⁶ Mír 88 de threoirlínte oiriúnachta ESMA (ESMA35-43-3172).

féadfar an cur chuige a leagtar amach i dtreoirlínte oiriúnachta ESMA a chur san áireamh le leibhéal “eolas agus taithí na gcliant” ar an spriocmhargadh²⁷.

65. Ní cheanglaítear ar an dáileoir díolacháin lasmuigh den spriocmhargadh dearfach a thuairisciú don mhonaróir má dhéantar na díolacháin sin chun críocha éagsúlaithe agus fálaithe agus má tá na díolacháin sin fós oiriúnach i bhfianaise phunann iomlán an chliant nó an riosca atá á fháil.
66. Ba cheart é a thuairisciú don mhonaróir agus a nochtadh don chliant i gcónaí, nuair a dhíotar táirgí isteach sa spriocmhargadh diúltach, fiú más chun críocha éagsúlaithe nó fálaithe a rinneadh na díolacháin sin. Thairis sin, fiú má dhéantar é chun críocha éagsúlaithe, ba cheart gur annamh a dhíolfaí táirgí isteach sa spriocmhargadh diúltach (féach míreanna 80-88 freisin).

Athbhreithniú rialta arna dhéanamh ag an monaróir agus ag an dáileoir chun measúnú a dhéanamh an bhfuil an spriocmhargadh á bhaint amach ag táirgí agus seirbhísí

67. Le hAirteagal 16(3) MiFID II agus le hAirteagal 9 agus Airteagal 10 de Threoir Tharmhligthe MiFID II, ceanglaítear ar mhonaróirí agus ar dháileoirí táirgí a athbhreithniú ar bhonn rialta chun a mheas an bhfuil an táirge fós comhsheasmhach le riachtanais, saintréithe agus cuspóirí an spriocmhargaidh shainaitheanta, lena n-áirítear aon chuspóirí a bhaineann le hinbhuanaitheacht, agus an bhfuil an straitéis dáileacháin atá beartaithe fós iomchuí.
68. Ba cheart do ghnólachtaí critéir chainníochtúla agus cháilíochtúla araon a úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar tháirgí, i dtaca le saintréithe an táirge (e.g. athruithe ar fhachtóirí riosca an táirge, straitéis infheistíochta, struchtúr costais (e.g. leibhéal agus cineálacha costas)), dálaí an mhargaidh (e.g. dálaí díobhálacha sa mhargadh, forbairtí rialála) agus dáileadh (e.g. gearáin ó chliant, díolacháin lasmuigh den spriocmhargadh, torthaí ó shuirbhéanna cliant, iompraíocht trádála cliant ar líne). Ba cheart do ghnólachtaí minicíocht agus doimhneacht na n-athbhreithnithe ar tháirgí a chinneadh agus cineál an táirge agus, i gcás inarb iomchuí, na seirbhíse á gcur san áireamh acu. Mar shampla, i gcás táirgí áirithe atá níos simplí agus a dháiltear faoin díolúine forghníomhaithe amháin, is féidir nach ndéanfar athbhreithnithe orthu chomh minic céanna agus nach mbeidh na hathbhreithnithe chomh domhain céanna, agus i gcásanna den sórt sin is féidir gearáin ó chliant agus/nó imeachtaí margaidh a bhfuil tionchar suntasach acu ar phróifíl riosca agus luaíochta an táirge a bheith ina gcúis mhór le hathbhreithnithe ad hoc. Monaróir a chuir comhairle ar eisitheoir corparáideach maidir le seoladh táirge nua, féadfaidh sé oibleagáid athbhreithnithe a chur i bhfeidhm don táirge sin ar bhealach comhréireach, beag beann ar cé acu an táirge níos simplí nó níos casta atá i gceist.

²⁷ Go háirithe, mínítear sa dara pointe urchar i mír 38 de threoirlínte oiriúnachta ESMA an méid a leanas: “(...) nuair atá bainistíocht punainne le cur ar fáil, ós rud é go bhfuil cinntí infheistíochta le déanamh ag an ngnólacht thar ceann an chliant, féadfaidh níos lú sonraí a bheith i gceist le leibhéal eolais agus taithí a theastaíonn ón gcliant maidir leis na hionstraimí airgeadais go léir a d’fhéadfadh a bheith mar chuid den phunann ná an leibhéal ar cheart a bheith ag an gcliant nuair atá seirbhís comhairle infheistíochta le cur ar fáil. Mar sin féin, fiú i gcásanna den sórt sin, ba cheart go dtuigfeadh an cliant ar a laghad rioscaí foriomlána na punainne agus go mbeadh tuiscint ghinearálta aige ar na rioscaí a bhaineann le gach cineál ionstraim airgeadais is féidir a áireamh sa phunann. Ba cheart go bhfaigheadh gnólachtaí tuiscint agus eolas an-soiléir ar phróifíl infheistíochta an chliant”.

69. Ba cheart do mhonaróirí a mheas, ar bhonn comhréireach, cén fhaisnéis atá de dhíth orthu chun a n-athbhreithniú a chur i gcrích agus conas an fhaisnéis sin a bhailiú. I gcomhréir le hAithris 20 de Threoir Tharmhligthe MiFID II, d'fhéadfaí a áireamh san fhaisnéis ábhartha, mar shampla, faisnéis maidir leis na bealaí dáileacháin a úsáideadh, cion na ndíolachán a rinneadh lasmuigh den spriocmhargadh, faisnéis achomair ar na cineálacha cliant, achoimre ar aon ghearáin a fuarthas, agus ceisteanna arna moladh ag an monaróir do shampla cliant chun aiseolas a fháil. D'fhéadfadh an fhaisnéis sin a bheith i bhfoirm chomhiomlánaithe agus ní gá í a bheith ar bhonn ionstraim de réir ionstraime nó ar bhonn díolacháin de réir díolachán.
70. Chun tacú le hathbhreithnithe arna gcur i crích ag monaróirí, ní mór do dháileoirí faisnéis a sholáthar dóibh maidir le díolacháin agus, i gcás inarb iomchuí, aon fhaisnéis ábhartha eile a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar athbhreithniú tréimhsiúil an dáileora féin. Aon uair a bhíonn faisnéis ábhartha ag dáileoirí chun tacú le hathbhreithnithe a dhéanann monaróirí, ba cheart dóibh í a chur ar fáil go réamhghníomhach don mhonaróir agus níor cheart dóibh gan an fhaisnéis sin a sholáthar mura n-iarann an monaróir uirthi. Ina theannta sin, ba cheart do dháileoirí breithniú a dhéanamh ar shonraí agus ar fhaisnéis a d'fhéadfadh léiriú gur shainaithin siad go mícheart an spriocmhargadh maidir le táirge nó seirbhís ar leith nó nach gcomhlíonann an táirge nó an tseirbhís imthosca an spriocmhargaidh shainaitheanta a thuilleadh, amhail i gcás ina n-éiríonn an táirge neamhleachtach nó an-luaineach de bharr athruithe sa mhargadh. Tá aon fhaisnéis den sórt sin faoi réir phrionsabal na comhréireachta agus d'fhéadfadh sí a bheith i bhfoirm chomhiomlán de ghnáth agus ní gá go ginearálta í a bheith ar bhonn ionstraim de réir ionstraime nó ar bhonn díolachán de réir dhíolacháin. Mar sin féin, ba cheart faisnéis a bhaineann le hionstraim ar leith a sholáthar i gcásanna a bhaineann go sonrach le hionstraimí aonair áirithe (e.g. má chinneann an dáileoir gur socraíodh go mícheart spriocmhargadh do tháirge ar leith).
71. Maidir le tuairisciú faisnéise faoi dhíolacháin lasmuigh de spriocmhargadh an mhonaróra, ba cheart do dháileoirí a bheith in ann aon chinntí a rinne siad táirgí a dhíol lasmuigh den spriocmhargadh a thuairisciú nó an straitéis dáileacháin a mhol an monaróir agus faisnéis maidir le díolacháin a rinneadh lasmuigh den spriocmhargadh (lena n-áirítear díolacháin laistigh den spriocmhargadh diúltach) a thuairisciú, agus na heisceachtaí a luaitear i mír 65 á gcur san áireamh.
72. Chun críocha a n-athbhreithnithe féin, ba cheart do dháileoirí a chinneadh cén fhaisnéis atá de dhíth orthu chun go mbeidh siad in ann teacht ar chonclúidí iontaofa i dtaobh maidir le cé acu ar dáileadh táirgí ar an spriocmhargadh aitheanta nó nár dáileadh. Chun a bheith in ann teacht ar chonclúidí iontaofa den sórt sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar ghnólachtaí tuilleadh faisnéise a bhailiú faoina gcliaint. Ina theannta sin, ba cheart do ghnólachtaí athmhachnamh a dhéanamh ar a straitéis dáileacháin le haghaidh táirgí níos casta a dháiltear trí dhíolacháin neamh-mholta, más rud é, mar shampla, go léirítear san athbhreithniú gur rómhinic a dháiltear táirgí den sórt sin lasmuigh den spriocmhargadh dearfach (nó fiú sa spriocmhargadh diúltach).

73. Ní mór do dháileoirí athbhreithniú a dhéanamh ar tháirgí chomh fada agus a dhéantar iad a thairiscint, a dhíol nó a mholadh. Mar shampla, i gcás nach ndéanann dáileoir táirge a thairiscint²⁸, a dhíol nó a mholadh²⁹ a thuilleadh, níl sé d'oibleagáid ar an dáileoir athbhreithniú a dhéanamh ar spriocmhargadh an táirge sin níos mó, in ainneoin go bhféadfadh infheistíocht a bheith ag cliant sa táirge sin fós. I gcás ina molann dáileoir dá chliant táirge a choimeád nach dtairgeann sé ná nach ndíolann sé a thuilleadh, ba cheart dó athbhreithniú a dhéanamh fós ar spriocmhargadh an táirge sin sula ndéanfar an moladh sin.

Dáileachán táirgí arna monarú ag eintitis nach bhfuil faoi réir ceanglais rialachais táirgí MiFID II

74. Gnólachtaí a dháileann táirgí, nár mhonaraigh eintitis atá faoi réir na gceanglas maidir le rialachas táirgí MiFID II, táthar ag súil go ndéanfaidh siad an dícheall cuí is gá chun leibhéal iomchuí seirbhíse agus slándála a sholáthar dá gcliainnt i gcomparáid le cás inar dearadh an táirge i gcomhréir le ceanglais rialachais táirgí MiFID II.

75. I gcás nár dearadh táirge i gcomhréir le ceanglais rialachais táirgí MiFID II (mar shampla, i gcás táirgí arna n-eisiúint ag eintitis nach bhfuil faoi réir na gceanglas maidir le rialachas táirgí MiFID II), d'fhéadfadh sé sin tionchar a imirt ar phróiseas bailithe na faisnéise nó ar shainaithint an spriocmhargaidh:

- Sainiú an spriocmhargaidh: Saineoidh an dáileoir an spriocmhargadh chomh maith nuair nach bhfuil an spriocmhargadh sainithe ag an monaróir³⁰ (féach mír 42). Dá bhrí sin, fiú mura bhfaigheann an gnólacht tuairisc ar an spriocmhargadh ón monaróir nó faisnéis maidir leis an bpróiseas formheasa táirge, ní mór dó a spriocmhargadh “féin” a shainiú. Ba cheart é sin a dhéanamh ar bhealach iomchuí agus comhréireach (féach mír 23).
- Próiseas bailithe faisnéise: Déanfaidh dáileoirí gach beart réasúnach chun a áirithiú go bhfuil leibhéal na faisnéise faoin táirge a fhaightear ón monaróir ar chaighdeán iontaofa agus leordhóthanach, chun a áirithiú go ndáilfear táirgí i gcomhréir le saintréithe, cuspóirí agus riachtanais an spriocmhargaidh³¹. I gcás nach bhfuil an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil go poiblí (mar shampla, tríd an doiciméad faisnéise bunriachtaí de chuid na PRIIPanna nó trí réamheolaire), ba cheart a áireamh ar na céimeanna réasúnacha comhaontú a dhéanamh leis an monaróir nó lena ghníomhaire chun an fhaisnéis ábhartha uile a fháil lena gcuirfear ar chumas an dáileora a mheasúnú spriocmhargaidh a dhéanamh. Ní fhéadfar glacadh le faisnéis atá ar fáil go poiblí ach amháin má tá sí soiléir, iontaofa agus curtha ar fáil chun ceanglais rialála a chomhlíonadh³². Mar shampla, tá faisnéis a nochtar i gcomhréir leis na ceanglais sa Treoir maidir le Réamheolairí, an Treoir Trédhearcachta, an Treoir maidir le GCUI, an

²⁸ Sa chomhthéacs sin, úsáidtear “tairiscint” go forleathan agus ba chóir é a thuiscint sa chiall leathan.

²⁹ Molann gnólacht táirge do chliant má mholann sé gur cheart don chliant táirge a cheannach, a shealbhú nó a dhíol.

³⁰ Féach Airteagal 10(1) de Threoir Tharmhligthe MiFID II.

³¹ Féach fómhír 3 d'Airteagal 10(2) de Threoir Tharmhligthe MiFID II.

³² Féach Airteagal 10(2) de Threoir Tharmhligthe MiFID II.

Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha nó ceanglais choibhéiseacha tríú tír inghlactha.

76. Baineann an oibleagáid dá dtagraítear i mír 75 le táirgí a dhíoltar ar mhargaí príomhúla agus tánaisteacha agus beidh feidhm aici ar bhealach comhréireach, ag brath ar a mhéid atá faisnéis atá ar fáil go poiblí agus ar chastacht an táirge³³. Dá bhrí sin, is iondúil nach mbeidh comhaontú leis an monaróir de dhíth chun faisnéis faoi tháirgí níos simplí agus níos coitianta, amhail gnáthscaireanna, a fháil ach is féidir í a dhíorthú ón iliomad foinsí faisnéise a fhoilsítear chun críocha rialála do tháirgí den sórt sin.

77. I gcás nach bhfuil an dáileoir in ann faisnéis leordhóthanach a fháil ar bhealach ar bith maidir le táirgí arna monarú ag eintitis nach bhfuil faoi réir na gceanglas rialachais táirgí MiFID II, ní bheadh an gnólacht in ann a chuid oibleagáidí faoi MiFID II a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, ba cheart dó gan na táirgí a áireamh ina raon táirgí.

Ceanglais rialachais táirgí a chur i bhfeidhm maidir le dáileachán táirgí a monaraíodh roimh dháta chur i bhfeidhm MiFID II.

78. Táirgí a monaraíodh roimh an 3 Eanáir 2018 agus atá fós á ndáileadh ar infheisteoirí, ba cheart iad a thabhairt faoi raon feidhme na gceanglas rialachais táirgí is infheidhme maidir le dáileoirí, go háirithe an ceanglas maidir le spriocmhargadh a shainaithint d'aon táirge. Sa chás sin, ba cheart don dáileoir gníomhú amhail is dá mba eintiteas é an monaróir nach bhfuil faoi réir ceanglais rialachais táirgí MiFID II. Nuair a shainaithníonn an monaróir an spriocmhargadh (ar bhonn deonach/ar bhonn comhaontuithe tráchtála le dáileoirí) i gcomhréir leis na treoirlínte seo, d'fhéadfadh an dáileoir, tar éis athbhreithniú a dhéanamh air le scrúdú criticiúil, brath ar shainaithint an spriocmhargaidh sin.

79. Mar sin féin, ba cheart don mmonaróir spriocmhargadh a shannadh do tháirgí den sórt sin, ar a dhéanaí, tar éis an chéad bhabhta eile den phróiseas athbhreithnithe táirge arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 16(3) de MiFID II tar éis an 3 Eanáir 2018. Ba cheart don dáileoir an spriocmhargadh sin a mheas ina phróiseas athbhreithnithe féin.

5.4 Treoirlínte maidir le saincheisteanna is infheidhme bhaineann le monaróirí agus dáileoirí araon

An spriocmhargadh “diúltach” agus díolacháin lasmuigh den spriocmhargadh dearfach a shainaithint

80. Ní mór don ghnólacht a mheas an mbeadh nó nach mbeadh an táirge ar neamhréir le sprioc-chliaint áirithe (spriocmhargadh “diúltach”)³⁴. Agus é sin á dhéanamh aige, ba cheart don ghnólacht na catagóirí agus na prionsabail chéanna a luaitear thuas i míreanna 14-22 agus 42-49 a chur i bhfeidhm. I gcomhréir leis an gcur chuige a úsáidtear chun an spriocmhargadh “dearfach” a shainaithint, beidh an monaróir, nach bhfuil caidreamh

³³ Féach fómhír 3 d'Airteagal 10(2) de Threoir Tharmhligthe MiFID II.

³⁴ Féach Airteagail 9(9) agus 10(2) de Threoir Tharmhligthe MiFID II.

díreach aige le cliant deiridh, in ann spriocmhargadh diúltach an mhonaróra a shainaitheint ar bhonn teoiriciúil, i.e. le dearcadh níos ginearálta ar an gcaoi nach mbeadh sainiúlachtaí táirge ar leith comhoiriúnach le grúpaí áirithe infheisteoirí; beidh an dáileoir, agus spriocmhargadh diúltach níos ginearálta an mhonaróra chomh maith le faisnéis ar a bhonn cliant féin á gcur san áireamh aige, chun an grúpa cliant nár cheart dóibh an táirge sonrath sin a dháileadh orthu a shainaitheint ar bhonn níos nithiúla. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an dáileoir freisin aon ghrúpa/ghrúpaí cliant a shainaitheint nach mbeadh seirbhís a bhaineann le dáileadh táirge áirithe comhoiriúnach dá riachtanais, dá saintréithe agus dá gcuspóirí.

81. I gcás táirgí lena gcuirtear tosca inbhuanaitheachta san áireamh, níl sé de cheangal ar ghnólachtaí spriocmhargadh diúltach a shainaitheint i ndáil lena gcuspóirí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de. Ciallaíonn sé sin nach rannchuidíonn cuspóirí táirgí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de ach le spriocmhargadh “dearfach” a shainaitheint i dtaca le cliant (grúpaí cliant) ag a bhfuil cuspóirí comhoiriúnacha ó thaobh na hinbhuanaitheachta de. D’fhéadfaí na táirgí céanna a dháileadh fós ar chliant atá lasmuigh den spriocmhargadh “dearfach” sin ag a bhfuil baint le hinbhuanaitheacht, ar choinníoll go bhfuil siad comhoiriúnach le gnéithe chatagóirí na spriocmhargaí eile arna sainiú sna treoirlínte seo³⁵. Dá bhrí sin, i gcás táirgí lena gcuirtear tosca inbhuanaitheachta san áireamh, ba cheart don ghnólacht i gcónaí measúnú a dhéanamh ar an spriocmhargadh diúltach i ndáil leis na cúig chatagóir spriocmhargaidh (cineál cliant, eolas agus taithí, staid airgeadais, lamháltas riosca agus cuspóirí agus riachtanais), ach níor cheart dó cuspóirí na dtáirgí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de a chur san áireamh. Déantar é sin chun a mheas an bhféadfadh gnéithe eile an spriocmhargaidh sin a bheith ar neamhréir le cliant áirithe, mar shampla, má bhaineann an táirge – lena gcuirtear tosca inbhuanaitheachta san áireamh – le táirge a bhfuil riosca ag baint leis ach atá beartaithe do chliant a bhfuil tréimhse infheistíochta fhadtéarmach acu agus atá toilteanach agus in ann a n-infheistíocht a chailleadh (sa chás sin ní bheadh an táirge comhoiriúnach le cliant a mbeadh lamháltas riosca íseal ag baint leo, cibé acu atá nó nach bhfuil a sainroghanna inbhuanaitheachta comhoiriúnach le cuspóirí an táirge ó thaobh na hinbhuanaitheachta de).
82. Mar thoradh uathoibríoch ar roinnt de shaintréithe an spriocmhargaidh a úsáideann monaróirí agus dáileoirí sa mheasúnú ar spriocmhargaí dearfacha, beidh saintréithe contrártha ann maidir le hinfeisteoirí nach bhfuil an táirge comhoiriúnach dóibh (mar shampla, má dhéantar táirge don chuspóir infheistíochta “amhantraíocht” ní bheidh sé oiriúnach ag an am céanna do chuspóirí “riosca íseal”). Sa chás sin, d’fhéadfadh gnólacht an spriocmhargadh diúltach a shainiú trína rá nach bhfuil an táirge nó an tseirbhís comhoiriúnach d’aon cliant lasmuigh den spriocmhargadh dearfach.

³⁵ Mínítear in Aithris 7 de Threoir Tharmilgthe (AE) 2021/1269 an méid seo a leanas: “Chun a áirithiú go mbeidh ionstraimí airgeadais ag a bhfuil tosca inbhuanaitheachta fós ar fáil go héasca freisin do chliant nach bhfuil sainroghanna maidir le hinbhuanaitheacht acu, níor cheart ceangal a bheith ar ghnólachtaí infheistíochta grúpaí cliant a shainaitheint nach bhfuil an ionstraim airgeadais, ag a bhfuil tosca inbhuanaitheachta, comhoiriúnach lena riachtanais, lena saintréithe agus lena gcuspóirí”.

83. Arís, tá sé tábhachtach prionsabal na comhréireachta a chur san áireamh. Agus measúnú á dhéanamh ar spriocmhargadh diúltach féideartha, beidh méid agus leibhéal mionsonraí na bhfachtóirí agus na gcritéar ag brath ar chineál an táirge, go háirithe ar chastacht nó ar phróifíl riosca-luaíochta an táirge, (i.e. i gcás gnáth-tháirge, is dócha go mbeidh grúpa níos lú infheisteoirí féideartha ann nach bhfuil an táirge comhoiriúnach dóibh, agus d'fhéadfadh an grúpa cliant nach bhfuil an ionstraim airgeadais comhoiriúnach dóibh a bheith mór i gcás táirge níos casta).
84. D'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina bhféadfaí táirgí a dhíol lasmuigh den spriocmhargadh dearfach, faoi imthosca áirithe agus a fhad is a chomhlíontar gach ceanglas dlíthiúil eile (lena n-áirítear na ceanglais siúd a bhaineann le nochtadh, oiriúnacht nó iomchuibheas, sainathint agus bainistiú coinbhleachtaí leasa). Mar sin féin, ba cheart údar cuí a bheith leis na cásanna sin i bhfianaise fhírí aonair an cháis, ba cheart an chúis leis an diall a dhoiciméadú go soiléir agus, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh, í a áireamh sa tuarascáil oiriúnachta.
85. Is é an spriocmhargadh diúltach léiriú sainráite ar na cliant nach bhfuil an táirge comhoiriúnach dá riachtanais, dá saintréithe agus dá gcuspóirí agus nár cheart an táirge a dháileadh orthu. Ba cheart gur fíorannamh a dhíolfaí táirgí le hinfeisteoirí laistigh den ghrúpa sin, agus ba cheart údar suntasach a bheith leis an diall dá réir agus bítear ag súil leis go ginearálta mbeidh bunús níos mó leis ná le bonn cirt maidir le díolacháin lasmuigh den spriocmhargadh dearfach.
86. Mar shampla, d'fhéadfadh díol táirgí lasmuigh den spriocmhargadh tarlú mar thoradh ar dhíolacháin neamh-mholta (i.e. i gcás ina dtéann cliant i dteagmháil le gnólacht chun táirge áirithe a cheannach gan aon mhargaíocht ghníomhach ag an ngnólacht nó i gcás ina raibh tionchar ag an ngnólacht sin ar bhealach ar bith), i gcás nach bhfuil an fhaisnéis uile is gá ag an ngnólacht chun measúnú críochnúil a dhéanamh ar cibé acu a thagann nó nach dtagann an cliant laistigh den spriocmhargadh, rud a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás ardáin fhorghníomhaithe nach n-oibríonn ach faoin gcóras iomchuibhis. Táthar ag súil, i gcomhthéacs socruithe rialachais táirgí, go ndéanfaidh gnólachtaí anailís ar chásanna ex-ante amhail an ceann a ndéantar cur síos air, agus go ndéanfaidh siad cinneadh freagrach maidir leis an gcaoi a dtabharfaidh siad aghaidh orthu dá dtiocfaidís chun cinn, agus go gcuirfead fostaithe a théann i dteagmháil dhíreach leis na cliant ar an eolas faoin gcur chuige a shainítear ar leibhéal an chomhlachta bainistíochta, ionas gur féidir leo cloí leis. Ba cheart do ghnólachtaí cineál na dtáirgí a áirítear i raon na dtáirgí a bhfuil sé beartaithe acu a thairiscint do chliant (mar shampla, i dtéarmaí castachta/riosca) agus aon choinbhleachtaí leasa le cliant a chur san áireamh (amhail i gcás féinlaithrithe), chomh maith lena samhail ghnó. D'fhéadfadh roinnt gnólachtaí, mar shampla, a mheas an bhféadfaí gan ligean do chliant oibriú má thagann siad faoin spriocmhargadh diúltach, agus ligean do chliant eile idirbheart a dhéanamh ar tháirge atá sa réimse "liath", i.e. idir na spriocmhargaí dearfacha agus diúltacha.
87. Má thagann an dáileoir ar an eolas, mar shampla, trí anailís a dhéanamh ar ghearáin cliant nó ar fhoinsí agus sonraí eile, go ndíoltar táirge áirithe lasmuigh den spriocmhargadh arna shainathint ex-ante agus tá sé ina fheiniméan suntasach anois (mar shampla, ó thaobh

líon na gcliant lena mbaineann), tá sé tábhachtach go gcuirfeadh an t-ionchur sin san áireamh go cuí le linn athbhreithniú tréimhsiúil na dtáirgí agus na seirbhísí gaolmhara arna dtairiscint. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfadh an dáileoir teacht ar an gconclúid, mar shampla, nach raibh an spriocmhargadh a saináithníodh ar dtús ceart agus gur gá é a athbhreithniú nó nach raibh an straitéis dáileacháin ghaolmhar iomchuí don táirge agus go gcaithfeadh í a athbhreithniú.

88. Aon diall ón spriocmhargadh (lasmuigh den mhargadh dearfach nó laistigh den mhargadh diúltach) a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do phróiseas rialachais táirgí an mhonaróra (go háirithe iad a tharlaíonn arís is arís eile) ba cheart é a thuairisciú don mhonaróir agus na heisceachtaí a luaitear i mír 65 á gcur san áireamh.

Cur i bhfeidhm cheanglais an spriocmhargaidh maidir le gnólachtaí a bhíonn ag díol i margáí mórdhíola (i.e. le cliaint ghairmiúla agus le contrapháirtithe incháilithe)

Cliaint ghairmiúla agus contrapháirtithe incháilithe mar chuid den slabhra idirghabhála

89. Tá feidhm ag na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 16(3) agus Airteagal 24(2) de MiFID II maidir le seirbhísí agus táirgí a mhonaraítear agus/a dháiltear ar chliant mhiondíola agus ghairmiúla. Ag an am céanna, sonraítear sna hairteagail seo gurb iad na cliaint a bhfuiltear le díriú orthu a bheidh sna “cliaint deiridh”. Ciallaíonn sé sin nach gá do ghnólacht spriocmhargadh a shonrú do ghnólachtaí eile (cliaint ghairmiúla agus contrapháirtithe incháilithe) laistigh den slabhra idirghabhála, ach ní mór dó an spriocmhargadh a dhearadh agus an cliant deiridh san áireamh (i.e. an cliant deiridh sa slabhra idirghabhála). Tá an cineál sonrath cliant a bhfuiltear ag díriú air le sonrú sa chatagóir maidir le cineál an chliant dá dtagraítear i mír 19(a).
90. I gcás ina gceannaíonn cliant gairmiúil nó contrapháirtí incháilithe táirge agus é beartaithe aige é a dhíol le cliaint eile, agus é ag feidhmiú dá bhrí sin mar nasc sa slabhra idirghabhála, níor cheart a mheas gur “cliaint deiridh” é.
91. I gcás den sórt sin, bheadh an cliant gairmiúil (nó an contrapháirtí incháilithe) ag gníomhú mar dháileoir agus, dá bhrí sin, ba cheart dó na ceanglais rialachais táirgí is infheidhme i leith dáileoirí a chomhlíonadh.
92. Mar shampla, má dhíolann gnólacht táirge le contrapháirtí incháilithe a cheannaíonn an táirge d'fhonn é a dháileadh ar bhealach níos forleithne ar chliant ghairmiúla nó mhiondíola, ba cheart don chontrapháirtí incháilithe athmheasúnú a dhéanamh ar an spriocmhargadh ábhartha i gcomhréir lena oibleagáidí mar dháileoir. Má dhéanann an contrapháirtí incháilithe athruithe ar an táirge roimh é a dháileadh ar aghaidh, is dócha go gciallaíonn sé sin nach mór dó na forálacha maidir le rialachas táirgí do mhonaróirí agus do dháileoirí a chomhlíonadh.

Cliaint ghairmiúla mar chliant deiridh

93. Calabraíonn creat catagóirithe cliant MiFID cosaintí maidir le hiompar gnó de réir riachtanais gach catagóire cliant (i.e. cliant mhiondíola, cliant ghairmiúla agus contrapháirtithe incháilithe).

94. Tá gnólachtaí i dteideal glacadh leis go bhfuil an t-eolas agus an taithí is gá ag cliaint ghairmiúla chun na rioscaí a thuiscint a bhaineann leis na táirgí nó seirbhísí a bhfuil siad aicmithe ina leith mar chliant gairmiúil³⁶. Mar sin féin, déanann MiFID II idirdhealú idir cliaint ghairmiúla *per se* agus cliaint ghairmiúla roghnacha – ar choinníoll nár cheart a thiomhdiú go bhfuil an t-eolas agus an taithí ag cliaint sa dara catagóir mar atá ag cliaint ghairmiúla *per se*.
95. Dá bhrí sin, ba cheart do ghnólachtaí, agus iad ag cur a sainaitheantas spriocmhargaidh i gcrích, na difríochtaí san eolas toimhdithe idir cliaint mhiondíola agus cliaint ghairmiúla a mheas agus, laistigh de chatagóir an chliant ghairmiúil, cliaint ghairmiúla roghnacha agus cliaint ghairmiúla *per se*³⁷. Mar shampla, ba cheart na difríochtaí i bpróifílí eolais agus taithí na gcatagóirí éagsúla cliant sin a chur san áireamh leis an gcodarsnacht idir cineálacha cur chuige.
96. D'fhéadfadh sé go mbeadh spriocmhargadh atá sainithe go forleathan ag roinnt táirgí (mar shampla iad siúd atá oiriúnach lena ndáileadh sna mórmhargáí miondíola) a bhféadfadh cliaint mhiondíola agus cliaint ghairmiúla araon a bheith san áireamh ann. Maidir le táirgí den sórt sin, mar shampla, aonaid nó scaireanna i ngnáthchiste GCUI, d'fhéadfaí a mheas, mar réamhshocrú, go bhfuil spriocmhargadh acu lena n-áirítear cliaint ghairmiúla. Mar sin féin, beidh spriocmhargadh níos cúinge ag roinnt táirgí eile, go háirithe táirgí a bhfuil próifílí riosca casta acu. Mar shampla, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sa spriocmhargadh le haghaidh banna in-chomhshóite teagmhasach ach cliaint ghairmiúla *per se* nó cliaint ghairmiúla roghnacha ar dócha go dtuigfeadh siad na castachtaí a bhaineann leis na táirgí sin.

³⁶ Féach Iarscríbhinn II a ghabhann le MiFID II.

³⁷ Féach fomhír 2 d'alt II.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le MiFID II.